

1. D'ól mé líomanáid.
D'ól mé gloine **líomanáide**.
I drank lemonade.
I drank a glass **of** lemonade.
2. Is maith liom an cupán.
Is maith liom dath **an chupáin**.
Feicim an cnoc.
Táim ar bharr **an chroic**.
Cheannaigh an cailín carr nua.
Chonaic mé carr **an chailín**.
D'ith mé an t-ispín.
Táim ag ithe **an ispín**.
Táim ag dreapadh **an chnoic**.
Táim ag ní **an chupáin**.
Cheannaigh an sagart teach.
Seo teach **an tsagairt**.
Táim ar bharr **an tí**.
I ate the sausage.
I'm eating **(of) the sausage**.
I'm climbing **(of) the hill**.
I'm washing **(of) the cup**.
The priest bought a house.
This is **the priest's** house.
I'm on top **of the house**.
3. Chonaic mé an chiaróg.
Is breá liom dath **na ciaróige**.
Chaill sé an bhróg.
Tá sé ag lorg **na bróige**.
Cheannaigh mé an tseacláid.
Táim ag ithe **na seacláide**.
Is maith liom an fheoil.
Ní maith le mo chara blas **na feola**.
D'ól sí an bheoir.
Bhí sí ag ól **na beorach**.
Fuair an bhean leabhar nua.
Léigh mé leabhar **na mná**.
I saw the beetle.
I like the color **of the beetle**.
He lost the shoe.
He's looking **for the shoe**.
I bought the chocolate.
I'm eating **(of) the chocolate**.
I like the meat.
My friend doesn't like the taste of the meat.
She drank the beer.
She was drinking **(of) the beer**.
The woman got a new book.
I read **the woman's** book.
4. Tá na cupáin sa chófra.
Cá bhfuil cófra **na gcupán?**
D'ith siad na hispíní.
Bhí siad ag ithe **na n-ispíní**.
Cheannaigh siad na bróga.
Bhí siad ag ceannach **na mbróg**.
Mharaigh siad na ciaróga.
Tá siad ag marú **na gciaróg**.
Tá na mná ag obair san oifig.
Cá bhfuil oifig **na mban?**
The cups are in the cupboard.
Where is the cupboard **of the cups?**
They ate the sausages.
They were eating **(of) the sausages**.
They bought the shoes.
They were buying **(of) the shoes**.
They killed the beetles.
They were killing **(of) the beetles**.
The women are working in the office.
Where is **the women's** office?

Comhrá 1

A: Ar mhaith cupán **tae**?

B: Ba mhaith, le do thoil.

A: Seo duit, cupán **tae**.

B: Cá bhfuil mias **an tsiúcra**?

A: Seo duit, agus seo mias **an bhainne**.

B: Go raibh maith agat.

A: Ar mhaith leat briosca freisin?

B: Ba mhaith.

Is breá liom blas **an bhriosca seo**.

Comhrá 2

A: Ar cheannaigh tú an tseacláid?

B: Cheannaigh. Cad a dhéanfaidh tú léi?

A: Déanfaidh mé brioscaí **seacláide**.

B: Is breá liom brioscaí **seacláide**.

A: Beidh siad go maith le haghaidh
na milseoige.

B: Beidh. Cinnte.

Comhrá 3

A: Cá bhfuair tú na bróga sin?

B: Fuair mé ag siopa **na mbróg** iad.

A: An maith leat na bróga nua?

B: Is maith. Bhí na seanbhróga caite.

A: An bhfuil bróga **ban** acu freisin?

B: Tá. Tá gach saghas **bróg** acu.

Comhrá 4 (ceisteanna)

1. An maith leat brioscaí **seacláide**?

2. An maith leat císte **líomóide**?

3. An itheann tú pióga **feola**?

4. An maith leat siopaí **bróg**?

5. Arbh fhearr leat pionta **beorach**
nó gloine **fíona**?

Conversation 1

Would you like a cup **of tea**?

Yes, please.

Here's a cup **of tea**.

Where is **the sugar** bowl?

Here you are, and here is **the milk** jug.

Thank you.

Would you like a cookie too?

Yes.

I love the taste **of this cookie**.

Conversation 2

Did you get the chocolate?

Yes. What will you do with it?

I'll make **chocolate** cookies.

I love **chocolate** cookies.

They will be good for **dessert**.

Yes, indeed.

Conversation 3

Where did you get those shoes?

I got them at **the shoe** store.

Do you like the new shoes?

Yes. The old shoes were worn out.

Do they have **women's** shoes too?

Yes. They have all kinds **of shoes**.

Conversation 4 (questions)

Do you like **chocolate** cookies?

Do you like **lemon** cake?

Do you eat **meat** pies?

Do you like **shoe** stores?

Would you rather have a pint **of beer**
or a glass **of wine**?

Cogarnach na hOíche
le Caitríona Ní Thuathail
ó Dhuanaireacht na nÓg 2

An Domhnach seo caite
thart ar a deich,
Chuaigh mé a chodladh
I mo leaba bhog the.

Thosaigh mé ag brionglóid ...
Faoi thíortha i gcéin,
Faoi dhaoine, faoi fharraigí,
Agus faoi cheol binn **na n-éan**.

Bhí mé i mo phíolóta
Ag eitilt san aer,
Agus cosúil le mairnéalach
Le mo chuid **seolta** go léir.

Ach nuair a dhúisigh mé ar maidin
Timpeall ar a hocht
Ní raibh thart timpeall
Ach ballaí fuara nocht.

Bhí an t-urlár in áit **na farraige**,
Mo leaba in áit **an bháid**,
Pinn luaidhe in áit **na gcrann**,
Agus leabhair in áit **na sráide**.

Nach deas iad na mothúcháin
A bhí i mo chroí,
An oíche sin, is mé i mo luí.

Night Whispering
by Caitríona Ní Thuathail
from Poetry of the Young 2

Last Sunday
around ten,
I went to sleep
In my soft warm bed.

I began to dream....
About lands far away,
About people, about seas,
And about the sweet **birdsong**.

I was a pilot
Flying in the air,
And like a sailor
With all my **sails**.

But when I awoke in the morning
Around eight
There was nothing around
But cold bare walls.

The floor was in place **of the sea**,
My bed in place **of the boat**,
Pencils in place **of the trees**,
And books in pace **of the street**.

Aren't the feelings fine
That were in my heart,
That night, and I lying down.